



**AN ROINN OIDEACHAIS & EOLAÍOCHTA
DEPARTMENT OF EDUCATION & SCIENCE**

Ceapachán Príomhoidí, Buanmhúinteoirí
agus Múinteoirí Sealadacha

(Leagan uasdátaithe – Aibreán 2002)

INNÉACS

Ceapachán Príomhoidí, Buanmhúinteoirí agus Múinteoirí Sealadacha

(Leagan uasdátaithe – Aibreán 2002)

ALT 1

Ceapachán Príomhoidí, Buanmhúinteoirí
agus Múinteoirí Sealadacha.....

ALT 2

Ceapacháin Phainéil.....

ALT 3

IARSCRÍBHINN A – Fógraí Samplacha
do Cheapachán Príomhoidí, Buanmhúinteoirí
agus Múinteoirí Sealadacha.....

An Leabhrán seo

Is é an aidhm atá leis an leabhrán seo eolas a chur ar fáil maidir le Ceapachán Príomhoidí, Buanmhúinteoirí agus Múinteoirí Sealadacha i mbunscoileanna. Freagraítear ceisteanna a chuirtear go minic. Siúd is gur glacadh gach cúram agus an t-ábhar á réiteach ní fhéadfaí gach gné de nósanna imeachta ceapacháin a chlúdach. Ba chóir do Chathaoirleach Bhoird Bhainistíochta agus do Phríomhoidí an leabharán seo a thabhairt ar aird chomhaltaí an Bhoird agus ba chóir do mhúinteoirí cóip de a choimeád ar mhaithe le tagairt dó amach anseo. Is féidir féachaint ar an leabhrán agus é a tharraing anuas ó láithreán gréasáin na Roinne Oideachais agus Eolaíochta ag – www.irigov.ie/educ

Ceapachán Príomhoidí, Buanmhúinteoirí agus Múinteoirí Sealadacha

Eolas Ginearálta

Tá na nósanna imeachta nach mór a leanúint agus Príomhoidí agus Buanmhúinteoirí le ceapadh leagtha amach i Mír 20 agus in Iarscríbhinn D de 'Boird Bhainistíochta Scoileanna Náisiúnta – Comhdhéanamh Bord agus Rialacha Nósanna Imeachta' (eagrán 2000) arna leasú le Ciorclán 2/02.

ALT 1 ~ Ceapachán Príomhoidí, Buanmhúinteoirí agus Múinteoirí Sealadacha

1. Cad é an chéad chéim ba chóir do Bhord Bainistíochta a ghlacadh nuair a bheidh post á líonadh?

- I gcás ceapachán **Príomhoide** is trí chomórtas oscailte a dhéanfar an ceapachán.
- I gcás ceapachán Múinteora **Buan** (seachas Príomhoidí) cinnefidh an Bord an ndéanfar an ceapachán as an bpainéal nó trí chomórtas oscailte (Léigh le do thoil Alt 2 maidir le Ceapacháin Phainéil).

Ní líonfar post buan **ach amháin** trí chomórtas oscailte nuair a bheidh ceann den dá choinníoll thíos comhlíonta:

1. Beidh an painéal/na painéil soiléir
 2. Beidh tairiscint i scríbhinn ar phost ag gach múinteoir ar an bpainéal agus beidh diúltaithe acu dó ar fhorais achair (ní dheonófar faomhadh chun fógraíocht a dhéanamh go dtí go mbeidh fianaise faoi dhiúltú curtha isteach chuig an Roinn).
 - Sa chás go dtarlóidh folúntas tar éis an 1 Meitheamh den scoilbhliain ní mór é a líonadh ar bhonn sealadach go dtí deireadh na scoilbhliana sin. Ní mór an post buan a thairiscint ansin do na múinteoirí ar an bpainéal cuí le tosú sa scoil an 1 Meán Fómhair.
 - Ní mór post **sealadach** de 8 mí nó níos faide a líonadh trí chomórtas oscailte agus ní mór cloí leis na nósanna imeachta mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn D de Chiorclán 2/02. Is gnó don Bhord Bainistíochta post sealadach ar feadh tréimhse is lú na 8 mí a líonadh.
- #### **2. Cad a tharlóidh má fhógraíonn an Bord Bainistíochta post sula mbeidh an painéal/na painéil glanta?**

Beidh an fógra neamhbhailí. Tá oibleagáid ar an mBord ar an gcéad dul síos an post a thairiscint do mhúinteoirí ar an bpainéal. Sa chás go dtarlaíonn folúntas tar éis an 1 Meitheamh sa scoilbhliain agus go mbeidh painéil glan ní mór an post a líonadh ar bhonn sealadach go dtí deireadh na scoilbhliana. Ní mór an post buan a thairiscint sin do mhúinteoirí ar an bpainéal cuí le tosú sa scoil an 1 Meán Fómhair. Ní cheadóidh an Roinn Oideachais do Bhord Bainistíochta folúntas buan a líonadh le múinteoir sealadach ón 1 Meán Fómhair na scoilbhliana sa chás go mbeidh múinteoirí le hathlonnú ar an bpainéal cuí.

3. Cathain is féidir an post a athfhógairt ?

Is féidir post an **Príomhoide** a fhógairt tráth ar bith ach amháin in Iúil agus i Lúnasa. Ní cheadófar fógraí in Iúil agus i Lúnasa ach amháin in imthosca eisceachtúla agus le ceadú roimh ré ón bPátrún.

Is féidir post Múinteora **Buan** a fhógairt tráth ar bith ar choinníoll go gcloítear leis na coinníollach atá leagtha amach i gceist 2.

Is féidir post Múinteora **Shealadaigh** a fhógairt tráth ar bith. Ní cheadófar an Roinn áfach do Bhord Bainistíochta folúntas buan a líonadh le múinteoir sealadach ón 1 Meán Fómhair i scoilbhliain sa chás go mbeidh múinteoirí fanta ar an bpainéal cuí le hathlonnú.

4. Cá háit ar chóir an post a fhógairt?

Ní mór é a fhógairt i nuachtán náisiúnta laethúil amháin. Beidh an fógra ann ar feadh íostréimhse lá amháin ar a laghad. Ba chóir don Chathaoirleach foireann teagaisc na scoile a chur ar an eolas faoin bhfolúntas. Feidhmíonn Gréasán Príomhoidí Bunscoileanna na hÉireann láithreán gréasáin anois ag (www.educationposts.com) áit ar féidir folúntais ó thaobh postanna a fhógairt. Ní bheidh an fhógraíocht sin áfach in ionad an cheanglais fógraíocht a dhéanamh i nuachtán náisiúnta.

5. Cad iad na sonraí ba chóir a bheith san fhógra?

1. Ainm agus seoladh na scoile (sa chás gur scoil Chaitliceach a bhíonn i gceist cuir isteach 'faoi Phatrúnacht Easpag Caitliceach _____(Deoise).
2. Líon na bpostanna teagaisc lena n-áirítear an Príomhoide
3. Nádúr an phoist m.sh Príomhoide, cúigiú múinteoir
4. Stádas an phoist teagaisc (i.e. cibé Príomhoide, Buan nó Sealadach)

5. Dáta tosaithe an phost teagaisc
6. Nádúr na ndualgas a fhéadfar a leithroinnt ar dtús don phost (m.sh. tacaíocht foghlama, acmhainní etc).
7. An dáta deiridh chun glacadh le foirmeacha iarratais. Ba chóir nach mbeadh an dáta sin níos luaithe ná dhá sheachtain tar éis dháta deiridh fhoilsiú an fhógra.
8. Go gcaithfear curaclam vitae a chur isteach leis an iarratas.
9. Cibé an mbeidh teastais, tuairiscí nó eolas cáipéiseach eile á éileamh.
10. Ba chóir a mholadh d'iarratasóirí clúdach litre le stampa a chur isteach chun cáipéisí a chur ar ais chucu.
11. I gcás múinteoirí buana agus múinteoirí sealadach (gan Príomhoidí san áireamh) ba chóir go ndéarfaí san fhógra cibé an ndéanfar liosta d'iarrthóirí oiriúnacha a thiomsú d'fholúntais amach anseo. Ní bheadh liosta den sórt sin bailí ach ar feadh ceithre mhí ó dháta an fhógra.
12. Glacfar cúram faoi leith le dréachtadh an fhógra go háirithe nuair maidir le catagóir gnéis na scoile a léiriú, le go dtuigfidh cách idir fhir is mhná go gcaithfear go comhionann le gach iarrthóir.

Ní thabharfar aon sonraí a d'fhéadfaí a fhorléiriú mar ní idirdhealaitheach ar fhorais inscne nó stádas pósta iarrthóirí is cuma cén catagóir gnéis lena mbaineann an scoil.

(Féach fógraí samplacha in Iarscríbhinn A).

6. Cad a tharlóidh ansin ?

Socraítear Bord Roghnúcháin.

7. Cé ba chóir a bheith ar an mBord Roghnúcháin?

I gcás ceapachán **Príomhoide** beidh Cathaoirleach an Bhord Bainistíochta agus ar a laghad beirt mheastóirí neamhspleácha ar an mBord Bainistíochta arna gceapadh ag an bPátrún i gcomhchomhairle leis an gCathaoirleach ar an mBord Roghnúcháin.

I gcás ceapachán Múinteoir **Buan** nó **Sealadach** beidh Cathaoirleach an Bhord Bainistíochta, an Príomhoide agus meastóir neamhspleách ar an mBord Bainistíochta arna cheapadh nó arna ceapadh ag an bPátrún i

gcomhchomhairle leis an gCathaoirleach ar an mBord Roghnúcháin. (I gcás roghnú múinteoir **Buan** nó **Sealadach** le linn tréimhse tar éis Príomhoide a cheapadh ach sula rachaidh an Príomhoide sin i mbun dualgas líonfaidh an Príomhoide ainmnithe áit an Phríomhoide ar an mBord Roghnúcháin.

Beidh fear amháin agus bean amháin ar a laghad ar an mBord Roghnúcháin.

8. Cé a chinnefidh cé hé/hí/iad na meastóirí neamhspleácha?

An Pátrún, i gcomhchomhairle leis an mBord Roghnúcháin.

9. Cad iad feidhmeanna ginearálta an Bhord Roghnúcháin?

Maidir leis an mBord Roghnúcháin :

1. Déanfaidh sé sula ndéanfar aon bhreithniú ar iarratais critéir do mheasúnú iarratas a bhunú agus a thaifeadadh i scríbhinn ag féachaint do reachtaíocht chuí, Rialacha do Scoileanna Náisiúnta (arna leasú) Ciorclán 2/02 agus ceanglais an phoist.
2. Leagfaidh sé amach gearrliosta d'iarrthóirí a fuair cuireadh chun agallaimh.
3. Déanfaidh sé na hagallaimh.

10. Cathain a chaithfidh an Bord Roghnúcháin teacht le chéile?

Laistigh de thréimhse réasúnach tar éis dháta deiridh chun glacadh le hiarratais.

11. An bhféadfadh an Cathaoirleach nó aon duine eile den Bhord Roghnúcháin é féin nó í féin a dhícháiliú den Bhord Roghnúcháin:

D'fhéadfadh sa chás go mbeadh gaolmhaireacht idir aon chomhalta den Bhord Roghnúcháin agus aon iarratasóir a bheadh istigh ar an bpost. Ainmneoidh an Pátrún ansin duine ina áit nó ina háit agus ní mór sin a chur in iú don Rannóg Riaracháin Bunscolaíochta sa Roinn Oideachais agus Eolaíochta roimh an agallamh.

Má mhainnítear aon ghaolmhaireacht a nochtadh d'fhéadfadh sin an próiseas roghnaithe a dhéanamh neamhbhailí (Alt 15b de Bhoird Bhainistíochta Scoileanna Náisiúnta – Comhdhéanamh Bord agus Rialacha Níosana Imeachta (eagrán 2000) dá dtagraíonn).

12. Cad ba chóir a dhéanamh mura mbeidh Cathaoirleach an Bhord Bainistíochta in ann feidhmiú ar an mBord Roghnúcháin mar gheall ar bhreiteacht nó cúis thromchúiseach eile?

Ainmníonn an Pátrún duine in áit an Chathaoirligh agus ní mór dó nó di sin a chur in iúl do Rannóg Riaracháin na mBunscoileanna sa Roinn Oideachais agus Eolaíochta roimh an agallamh.

13. An ceadmhach don Bhord Roghnúcháin teorainn a chur leis an líon iarrthóirí is mian leis a ghlaio chun agallaimh?

Is ceadmhach. Ní mór áfach íosmhéid de thriúr iarrthóir a ghlaio chun agallaimh. Más rud é gur lú ná triúr a chuir isteach ar phost ní mór gach iarrthóir cáilithe a ghlaio chun agallaimh. Ní mór d'iarrthóirí do phost buan a bheith ina mbunmhúinteoirí láncháilithe nó critéir a chomhlíonadh do phost faoi leith mar atá leagtha amach i gCiorclán 25/00 a chomhlíonadh. Ní mór d'iarrthóirí do phost Príomhoide na critéir atá leagtha amach i gCiorclán 2.02 a chomhlíonadh.

14. An bhfuil aon saincheistanna sonracha ba chóir don Bhord Roghnúcháin a thabhairt ar aird le linn phróiseas an agallaimh?

Tá.

1. Ní mór don Bhord Roghnúcháin cloí leis na critéir roghnaithe le linn measúnú na n-iarrthóirí.
2. Ní mór don Chathaoirleach taifead a choinneáil ar na critéir aontaithe agus ar an scóráil a mbainfear leas aisti chun iarrtais agus agallaimh a mheas.
3. Nuair a bheidh agallamh á chur ar iarrthóirí ní mór don Bhord Roghnúcháin cloí le forálacha an Achta Comhionann Fostaíochta, 1977 agus Cód Cleachtais na Gníomhaireachta Comhionannais Fostaíochta 1983 agus Cód Cleachtais an Údaráis Comhionann.
4. Bainfidh gach ceist a chuirfear ag an agallaimh le riachtanais an phoist teagaisc agus le Rialacha do Scoileanna Náisiúnta.
5. Ní mór cúram ar leith a dhéanamh de ag agallaimh lena chinntiú nach bhféadfaí aon cheistanna, aon ráitis ná aon chaidéisí a fhorléiriú mar ní a bheadh idirdhealaitheach ar bonn inscne nó stádas pósta.
6. Ba chóir na fachtóirí seo a leanas a ghlacadh san áireamh ag féachaint do riachtanais an phoist shonraigh agus Rialacha do Scoileanna Náisiúnta agus Ciorclán Bunscoileanna na Roinne 2/02 ach ní gá go ndéanfaí sin go heisiach ná san ord seo:

- cáilíochtaí gairmiúla

- taithí teagaisc agus tuairiscí cigire ar inniúlacht
 - taithí chuí eile
 - teastais (maidir leis seo ba chóir a chur in iúl d'iarrthóirí go luath cibé an mbeidh breis cháipéisí de dhíth maidir leis seo).
7. Agus foireann á roghnú do scoil le buachaillí amháin agus scoil do chailíní amháin ba chóir cúram ar leith a dhéanamh go dtugtar comhdheiseanna d'iarrthóirí mná agus d'iarrthóirí fir chun iad féin a chur i láthair mar iarrthóirí oiriúnacha agus nach léireodh na ceisteanna a chuirtear go bhfuil réamhthuairimí ag an mBord faoi oiriúnachta iarrthóirí mná nó iarrthóirí fir do phost ar leith.

15. Cathain ar chóir na hagallaimh a dhéanamh?

Ba chóir glao chun agallaimh a shocrú de ghnáth laistigh de 3 sheachtain tar éis an dáta deiridh a nglacfar le hiarrthóirí.

16. Cé mhéad fógra nach mór do gach múinteoir a ghlaitear chun agallaimh a fháil ón mBord Roghnúcháin?

Ní mór fógra seacht lá a thabhairt. Ba chóir na hagallaimh a bheith sceidealta d'amanna lasmuigh d'uaire scoile.

17. Cad a tharlaíonn nuair a bhíonn na hagallaimh ar fad déanta?

Cuirfidh an Bord Roghnúcháin tuairisc i scríbhinn chuig an mBord Bainistíochta ag ainmniú an iarrthóra is dóigh leo is oiriúnaí don cheapachán.

Ceapachán Príomhoidí, Buanmhúinteoirí agus Múinteoirí Sealadacha

18. Ar chóir liosta d'iarrthóirí oiriúnacha (seachas an t-iarrthóir ainmnithe) a chur faoi bhráid an Bhord Bainistíochta?

Ba chóir. I gcás Príomhoidí, Múinteoirí Buana agus Múinteoirí Sealadacha coinneoidh an Bord Roghnúcháin liosta in ord fiúntais d'iarrthóirí eile a mheasfar a bheith oiriúnach.

19. Ar chóir liosta d'iarrthóirí oiriúnacha chomh maith leis an iarrthóir ainmnithe a chur faoi bhráid an Bhord Bainistíochta?

I gcás múinteoirí buana nó múinteoirí sealadacha (ach ní i gcás Príomhoidí) féadfar liosta iarrthóirí in ord fiúntais agus a mheasfar a bheith oiriúnach a chur faoi bhráid an Bhord Bainistíochta lena úsáid sa chás go dtarlaíonn folúntais níos déanaí sa scoil. Ní ceadmhach an liosta sin a thiomsú ach amháin sa chás go mbeidh sé luaite san fhógra. Ní bheidh an liosta bailí ach go ceann tréimhse 4 mhí ó dháta an fhógra. Ní fhéadfar postanna Tacaíochta Foghlama nó Acmhainní a líonadh ón liosta sin. Caithear na postanna sin a líonadh astu féin.

20. An gcaithfidh an Bord Bainistíochta an t-iarrthóir a ainmneoidh an Bord Roghnúcháin a cheapadh?

Tiocfaidh an Bord Bainistíochta le chéile agus ceapfaidh sé an múinteoir a bheidh ainmnithe ag an mBord Roghnúcháin mura rud é nach mian leis sin a dhéanamh ar chúis mhaith leordhóthanach. Sa chás sin cuirfidh sé an cás ar aghaidh chuig an bPátrún agus glacfaidh an Bord Bainistíochta lena chinneadh nó a cinneadh sin. Is céim thromchúiseach gan glacadh le moladh an Bhord Roghnúcháin agus níor chóir don Bhord Bainistíochta an chéim sin a ghlacadh gan domhain-mhachnamh. Ní mór don 'chúis mhaith leordhóthanach' a bheith ina pointe tromchúiseach agus cúis nach heol don Bhord Roghnúcháin de ghnáth. Tá sé tábhachtach béim a leagan ar an bpointe nach mór do bhaill an Bhord Bainistíochta caitheamh go rúnda le cúrsaí a phléitear ag cruinnithe mura n- iarrann an Bord Bainistíochta a mhalairt.

21. An gá ceadú ón bPátrún chun ceapachán a dhéanamh?

Is gá.

22. Cathain ar chóir don Bhord Bainistíochta eolas a thabhairt don mhúinteoir a bhíonn roghnaithe don phost?

Nuair a bheidh ceadú faighte ón bPátrún cuirfidh an Bord in iúl don mhúinteoir go bhfuil sé nó sí ceaptha. Cuirfear in iúl don iarrthóir gur faoi réir fhaomhadh an Aire Oideachais agus Eolaíochta a bheidh an ceapachán.

Comhlánfaidh an Bord agus an múinteoir ansin an fhoirm chuí (atá ar fáil ón Roinn na nÍocaíochtaí Bunscoileanan sa Roinn nó ó láithreán gréasáin na Roinne ag www.irlgov.ie/educ) agus cuirfear isteach í chuig an Rannóg Íocaíochtaí Bunscoile sa Roinn. Eiseoidh an Roinn 'Foirm Chomhaontaithe' ansin lena fheidhmiú idir an Bord agus an múinteoir chomh maith le litir ag faomhadh an phoist.

23. Cathain ar chóir don Bhord Bainistíochta eolas a thabhairt do na hiarrthóirí eile ar fad?

Chomh luath agus a bheidh ceadú faighte ag an mBord ón bPátrún do cheapachán don duine a bheidh roghnaithe agus a mbeidh fógra faighte aige go bhfuil sé nó sí ag glacadh leis an bpost cuirfear in iúl do na hiarrthóirí eile ar fad nár éirigh leo (Áirítear ansin iarrthóirí a bheidh curtha ar liosta atá luaite i gCeist 18). Ba chóir go mbeadh an t-eolas i scríbhinn.

24. Cad é an nós imeachta maidir le ceapadh Príomhoide nó múinteoir buan chuig clochar nó scoil mhainistreach?

Más mian le húdaráis oird rialta lena mbaineann duine den ord a cheapadh ceapfaidh an Bord Bainistíochta, faoi réir cheadú roimh ré an Phátrúin agus fhaomhadh an Aire an duine a bheidh molta ag na húdaráis ar choinníoll go mbeidh an duine sin cáilithe don phost de réir Chiorclán Bunscoileanna 2/02.

Má mheasann údaráis oird gur chóir duine tuata a cheapadh ba chóir go ndéanfaí an folúntas a líonadh trí chomórtas oscailte mar atá leagtha amach i gceisteanna 1-23 thuas.

Sa chás go mbeidh barántas tugtha d'ord rialtas faoi líon áirithe post i scoil atheagraithe nach scoil chlochair nó scoil mhainistreach í ceapfaidh an Bord Bainistíochta faoi réir cheadú roimh ré an Phátrúin agus fhaomhadh an Aire sna poist sin daoine den ord arna n-ainmniú ag údaráis an oird rialta lena mbaineann ar choinníoll go mbeidh na daoine a ainmneofar cáilithe do na poist a bheidh i gceist de réir Chiorclán Bunoideachais 2/02.

25. Cad é an nós imeachta nach mór do Bhord Bainistíocht a leanúint agus é ag déanamh ceapachán sealadach?

Má bhíonn achar an cheapacháin shealadaigh ocht mí nó níos faide ní mór na nósanna imeachta atá leagtha amach in Iarscríbhinn D atá ag gabháil le Boird Bhainistíochta Scoileanna Náisiúnta – Comhdhéanamh Bord agus Rialacha Nósanna Imeachta arna leasú in Iarscríbhinn D atá ag gabháil le Ciorclán Bunscoileanna 2/02. Más ceapachán do thréimhse is lú ná ocht mí é an ceapachán sealadach is gnó don Bhord Bainistíochta na nósanna imeachta ceapacháin.

ALT 2 ~ Ceapacháin Phainéil

1. Cad iad na céimeanna ba chóir don Bhord Bainistíochta a ghlacadh nuair a bheidh post á líonadh as an bpainéal?

1. Ba chóir do Bhoird ag a mbeidh folúntais bhuana le líonadh acu ón 1 Meán Fómhair socrú a dhéanamh leis na poist sin a líonadh ó na painéil chuí chomh luath agus a bheidh na painéil ar fáil ó Oifig an Phátrúin. Ba chóir in aon chás go ndéanfadh na Boird iarracht na folúntais sin a bheith líonta ó na painéil faoin 7 Meitheamh. Sa chás go dtarlóidh folúntas tar éis an 1 Meitheamh de scoilbhliain agus go mbeidh painéil glanta ní mór é a líonadh ar bhonn sealadach go dtí deireadh na scoilbhliana. Ní mór an post buan a thairiscint ansin do mhúinteoirí ar an bpainéal cuí chun tosú sa scoil an 1 Meán Fómhair.
2. Ba chóir don Bhord staid an phainéil/na bpainéal a sheiceáil le hOifig an Phátrúin (is féidir cóipeanna den liosta/de na liostaí cuí a fháil ó Oifig an Phátrúin).
3. Ní mór an post a thairiscint i scríbhinn do mhúinteoir/ do mhúinteoirí ar an bpainéal. Fiú má bhíonn múinteoirí atá i scoileanna atá níos faide ná 45km (28 míle) ó bhaile ní mór don Bhord na poist a thairiscint do na múinteoirí sin. (Ríomhtar achar idir an scoil a bhíonn ag tairiscint an phoist agus an scoil óna bhfuair an múinteoir cearta painéil. Níl feidhm leis an achar idir áit chónaithe an mhúinteora agus an scoil). Ní bheidh oibleagáid ar mhúinteoir glacadh le post ach amháin má bhíonn an post laistigh de teorainn 45km (28 míle). Ní mór do mhúinteoir freagra a chur i scríbhinn ar gach tairiscint a dhéanfar fiú má bhíonn an post lasmuigh den teorainn achair.

Is féidir díolúine a thabhairt do mhúinteoirí ó riachtanais an phainéil ar fhorais máithreachais/uchtaithe. Sa chás go dtabharfar díolúine do mhúinteoir fanfaidh ainm an mhúinteora ar an bpainéal ach ní bheidh gá don Bhord post a thairiscint don mhúinteoir le linn na tréimhse a bheidh i gceist. I gcás múinteoir buan áfach a mbeidh díolúine tugtha dó nó di agus go dtagann folúntas **chun cinn laistigh dá scoil ní mór don Bhord an post a thairiscint** **dise**. Ní mór don mhúinteoir glacadh leis an bpost.

4. Seacht lá a thabhairt don mhúinteoir chun freagra a thabhairt i scríbhinn ar an tairiscint.

5. Má thagann an Bord ar dheacrachtaí maidir le hoibriú na bpainéal lena n-áirítear múinteoirí ag diúltú freagairt do thairiscint ba chóir an cás a chur ar aghaidh go dtí oifig an Phátrúin nó chuig Rannóg na nÍocaíochta Bunscoileanna sa Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

2. An bhfuil sé de cheart ag an mBord Bainistíochta agallamh a chur ar mhúinteoir nuair a bheidh sé/sí ar an bpainéal?

Tá. Tá sé de cheart ag an mBord Bainistíochta agallamh a chur ar an gcoinníoll go mbeidh níos mó ná múinteoir amháin ar an bpainéal.

3. An bhféadfaidh Bord Bainistíochta múinteoir sealadach a fhostú fad is bheidh sé ag fanacht le léiriú ó mhúinteoir painéil faoin bhfreagra maidir le tairiscint?

Ní fhéadfaidh. Ní cheadóidh an Roinn in imthosca ar bith múinteoir sealadach a cheapadh fad is a bheidh múinteoirí ar an bpainéal a bhfuil tairiscintí le déanamh dóibh nó a bhfuiltear ag fanacht le freagraí uathu.

4. Cad a chaithfidh Bord Bainistíochta a dhéanamh nuair a bheidh glactha ag múinteoir le tairiscint?

Nuair a ghlacfaidh múinteoir painéil le post ina scoil ní mór don Bhord Bainistíochta sin a chur in iúl d'Oifig an Phátrúin agus don Roinn láithreach le go bhféadfar ainm an mhúinteora a bhaint láithreach den Phainéal.

Cuirfear an fhoirm chuí chuig an múinteoir ag an tráth chéanna ag iarraidh air/uirthi a ainm nó a hainm a chur ar an bPainéal. Nuair a thairgfear post buan do mhúinteoir agus nuair a bheidh glactha leis aige nó aici ba chóir dó nó di an fhoirm chuí a líonadh láithreach agus í a chur faoi bhráid an Bhoird. Ní mór don Bhord na sonraí ar an bhfoirm a líonadh agus í a chur ar aghaidh chuig an Roinn láithreach le go bhféadfar sonraí pá an mhúinteora a thaifeadh.

ALT 3

IARSCRÍBHINN A

Sampla d'Fhógra

Dáta an Fhógra

1 Meitheamh 2002

PRÍOMHOIDE

á lorg

1 Meán Fómhair 2002

do

SCOIL NÁISIÚNTA NAOMH MUIRE

An Phríomhshráid, Cathair na Gaillimhe

(faoi Phátrúnacht Easpag Caitliceach na Gaillimhe)

Scoil seachtar múinteoirí

(an Príomhoide san áireamh)

*Ní mór iarratais móide curriculum vitae, cóip de cháilíochtaí agus sonraí faoi
thaithí agus teastais a bheith ag Cathaoirleach an Bhord Bainistíochta tráth
nach déanaí ná*

16 Meitheamh 2002.

Cuir isteach clúdach le stampa le cáipéisí a chur ar ais.

Dáta an Fhógra
1 Meitheamh 2002

BUNMHÚINTEOIR

(BUAN)

á lorg
1 Meán Fómhair 2002
do

SCOIL NÁISIÚNTA AN IARLA

An Phríomhshráid, Cathair na Gaillimhe

Scoil seachtar múinteoirí
(an Príomhoide san áireamh)

*Ní mór iarratais móide curriculum vitae, cóip de cháilíochtaí agus sonraí faoi
thaithí agus teastais a bheith ag Cathaoirleach an Bhord Bainistíochta tráth
nach déanaí ná*

16 Meitheamh 2002.

Cuir isteach clúdach le stampa le cáipéisí a chur ar ais.

*Féadfar liosta d'iarrthóirí oiriúnacha a leagan amach óna bhféadfaí folúntais a
líonadh amach anseo laistigh de thréimhse ceithre mhí ó dháta an fhógra
seo.*

Dáta an Fhógra
1 Meitheamh 2002

BUNMHÚINTEOIR

(SEALADACH)

á lorg

1 Meán Fómhair 2002

do scoilbhliain 2001/02
do

SCOIL NÁISIÚNTA NAOMH MUIRE

An Phríomhshráid, Cathair na Gaillimhe
(faoi Phátrúnacht Easpag Caitliceach na Gaillimhe)

Scoil seachtar múinteoirí
(an Príomhoide san áireamh)

*Ní mór iarratais móide curriculum vitae, cóip de cháilíochtaí agus sonraí faoi
thaithí agus teastais a bheith ag Cathaoirleach an Bhord Bainistíochta tráth
nach déanaí na*

16 Meitheamh 2002

Cuir isteach clúdach le stampa le cáipéisí a chur ar ais.

*Féadfar liosta d'iarrthóirí oiriúnacha a leagan amach óna bhféadfaí folúntais a
líonadh amach anseo laistigh de thréimhse ceithre mhí ó dháta an fhógra
seo.*

An Rannóg Íocaíochtaí Bunscoile,
An Roinn Oideachais & Eolaíochta,
Cor na Madadh, Baile Átha Luain,
Co. na hIarmhí.

Teil: (0902) 74621 • (01) 8734700

Faics: (0902) 78024

Deartha agus Priontáilte ag New Cityview Press Ltd. Teil: 01-8600101